Polasaí Iontrála Scoil Chaitlín Maude

Bunaíodh Scoil Chaitlín Maude le freastal a dhéanamh ar thuismitheoirí an cheantair a bhí ag éileamh bunoideachais lán-Ghaeilge dá bpáistí. Is trí Ghaeilge a mhúintear ábhair an churaclaim agus is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile. Cuirtear fáilte roimh gach páiste chuig Scoil Chaitlín Maude cuma cén cúlra sóisialta, eithneach, inscne, treocht gnéis, clainne, creideamh, cumais nó míchumas atá acu. Tugtar tús áite sa scoil do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge. Ní mór do thuismitheoirí glacadh le polasaithe na scoile le go mbeidh an scoil in ann an páiste a chlárú go hoifigiúil agus ní mór do gach tuismitheoir Teastas Breithe a chur ar fáil dá bpáistí.

Céimeanna chun clárú

Titeann an dualgas ar thuismitheoirí a chinntiú go bhfuil na céimeanna cuí do chlárúchán curtha i gcrích mar ba chóir acu.

Chun clárú i rang na Naíonán Shóisir, is gá do na daltaí a bheith ceithre bliana d'aois roimh 1 Meitheamh na bliana chláraithe. Beidh foirmeacha iarratais réamh-chláraithe ar fáil ón scoil. Iarrfar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí an fhoirm réamh-chláraithe a líonadh agus í a sheoladh ar ais chun na scoile roimh 12 Eanáir den bhliain chláraithe. Clárófar ainm an dalta ansin ar liosta réamh-chláraithe na bliana cuí. Ní hionann foirm réamh-chláraithe comhlánaithe agus dearbhú go mbeidh áit ar fáil sa scoil. Tabharfar scéala do thuismitheoirí faoi thoradh an phróisis iarratais roimh 15 Feabhra den bhliain chláraithe.

Naíonáin Shóisir

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar áiteanna i rang na Naíonán Shóisir, cuirfear na critéir seo a leanas i bhfeidhm in ord tosaíochta:

1. Páistí atá á dtógáil le Gaeilge .i. páistí atá in ann cumarsáid labhartha iomlán a dhéanamh trí mheán na Gaeilge*.
2. Deartháir, deirfiúr, leath-shiblíní, páistí altramaigh nó uchtaithe le daltaí reatha na scoile
3. Deartháir nó deirfiúr le páiste a bhí ag freastal ar an scoil nó páiste d'iarscoláire na scoile (suas le 25% de líon na n-áiteanna iomlán faoin gcritéir seo)
4. Aois an pháiste (tús áite do na páistí is sine)

Sa chás go ndiúltaítear áit sa scoil d'iarrthóir, is féidir leis an tuismitheoir/caomhnóir achomharc a dhéanamh faoi réir Alt 29 den Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018.

Clárúchán i Ranganna Seachas na Rang Naíonán Shóisir

1. Glacfar le páistí isteach i ranganna eile má tá spás sa rang agus cumas teangeolaíochta leordhóthaineach ag an bpáiste chun leas a bhaint as an suíomh lán-Ghaeilge.
2. I gcás an ranga speisialta do pháistí ar speictream an uathachais, glacfar le daltaí ar speictream an uathachais isteach sa scoil má tá spás ann agus na hacmhainní cuí a bheith ar fáil ag an scoil ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar spásanna tabharfar túsáite do:

a. dheartháireacha, dheirfiúracha, leath-shiblíní, pháistí altramaigh nó uchtaithe le daltaí reatha na scoile;
b. pháistí ó abhantrach na scoile faoi mar a rianaítear í ar an léarscáil ag an nasc seo (níl an nasc beo go fóill).

* Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta cruinniú neamhfhoirmeálta a eagrú le tuismitheoirí agus an páiste i gceist anseo chun caighdeán an pháiste a chinntiú. Má dhúiltítear an páiste a áireamh faoin gcritéar seo, is féidir achomharc i scríbhinn a dhéanamh chuig an mBord Bainistíochta laistigh de sheachtain amháin ón scéal a fháil. Is ag an mBord Bainistíochta a bheidh an cinneadh deiridh.

Ghlac Bord Bainistíochta Scoil Chaitlín Maude leis an bpolasaí seo ar 6 Feabhra 2019 le teacht i bhfeidhm don ón scoil bhliain 2019-20 ar aghaidh.

Síniú: _____ _____

Cathaoirleach Príomhoide